# Campaí Samhraidh Ógras Ar Líne 2021
# Eolas Tábhachtach
# *Important Information*

Le do thoil féach thíos roinnt eolais ginearálta faoi Ógras agus Campaí Samhraidh Ógras, uasdátaithe le heolas tábhachtach faoi champa fíorúil, ar líne, agus conas go mbeidh muid á eagrú le sábháilteacht agus spraoi gach éinne ar intinn.
Rithfidh gach campa i mbliana ar feadh 1.5 uair a chloig sa lá: 10rn go 11.30rn, Luan 9ú go hAoine 13ú Lúnasa 2021. 'Sí 7-12 bliain aoisghrúpa gach campa.

*Please see below some general information about Ógras and Ógras Summer Camps, updated with important information about the virtual, online camp and how we will be organising with everyone's safety and fun in mind.*
*Each camp this year will run for 1.5 hours daily: 10am to 11am, Monday to Friday Monday 9th to Friday 13th August 2021. Camp age group is 7-12 years.*

## *Ógras: Cé muid? – Who are we?*

Bunaíodh Ógras, Ógeagraíocht Chonradh na Gaeilge i 1969 le deis a thabhairt do dhaoine óga teacht le chéile ag clubanna, campaí agus ócáidí eile ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

*Ógras is the Irish language Youth Organisation founded by Conradh na Gaeilge in 1969 to give young people the opportunity to come together in youth clubs, camps and events run through the medium of Irish.*

## *Fís agus Cuspóirí – Vision and Objectives*

**Fís:**
Eispéireas spraíúil a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga a spreagfaidh meon dearfach i leith foghlaim na Gaeilge trí seirbhís óige den scoth a chur ar fáil ar-líne le foireann cháilithe, le taithí ar obair óige agus múineadh na Gaeilge.

***Vision:***
*To give children and young people a fun experience that will foster a positive attitude towards learning the Irish language by providing an excellent online youth service with a qualified team, who have experience in youth work and in teaching Irish.*

**Cuspóirí:**

- Spás sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga chun gníomhaíochtaí trí Ghaeilge a chleachtadh i rith an tsamhraidh
- Deis do dhaoine óga Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus a bhféinmhuinín i labhairt na Gaeilge a fhorbairt
- Taithí ar réimse leathan d’imeachtaí spraíúil agus spreagúil, trí mheán na Gaeilge
- Deis spraoi agus craic a bheith acu i gcomhluadar páistí eile

***Objectives*:**

- *Provide a safe space to young people to practice Irish language activities during the Summer*
- *To give young people the opportunity to learn and practice the Irish language, and to develop their confidence in their spoken Irish*
- *Provide experience in a wide range of fun and encouraging activities, through Irish*
- *To provide young people with an opportunity to have fun and craic with other young people*

## *Imeachtaí - Activities*

- Ciorcal Comhrá trí Ghaeilge – *Irish Language Conversation Circle*
- Ceardlanna praiticiúla – Practical Workshops
- Ealaíona agus Ceardaíocht – *Arts & Crafts*
- Toraíocht Taisce – *Treasure Hunt*
- Rince agus Ceol – *Music and Dancing*
- Aclaíocht/Ióga – *Exercise/Yoga*
- Biongó – *Bingo*
- Cluichí Spraíúla – *Fun Games*
- Seó Tallainne – *Talent Show*
- Turas Lae – *Day Trip*
- ...Agus go leor eile – *And lots more!*

## *Cosaint Leanaí - Child Protection*

- Tá ár mhúinteoirí agus ceannairí ardoilte agus ardcháilithe, agus tá gach ball foirne ag obair ag na campaí curtha faoi **réamhscrúdú an Gharda Síochána**.
- Beidh **ar a laghad beirt dhuine fásta i gceannas** ar gach seisiún.
- Ní scaoilfear aon pháiste isteach sa seisiún ar-líne go dtí go bhfuil **ar a laghad beirt dhuine fásta agus beirt dhuine óga sa 'seomra feithimh'** don seisiún.

- *Our teachers and leaders are highly skilled and qualified, and all staff working at the camps are **Garda vetted beforehand**.*
- *There will be **at least two adults** in charge of each session*
- Ní scaoilfear aon pháiste isteach sa seisiún ar-líne go dtí go bhfuil **ar a laghad beirt dhuine fásta agus beirt dhuine óga sa 'seomra feithimh'** don seisiún.

## *Le bheith réidh – What to have prepared*

- Ba chóir dos na daoine óga ag na Campaí Samhraidh Ógras ar-líne a bheith gléasta i slí oiriúnach, agus chun aclaíocht/rince srl. a dhéanamh, agus sciath ghréine a bheith orthu ar eagla go bhfuil roinnt dos na ceachtanna don lá lasmuigh (sa ghairdín/sráid in aice leis an teach).
- Ba chóir go mbeidh daoine óga ag na campaí a bheith in áit 'oscailte' sa teaghlach (ní i seomra leapa) inar féidir le tuismitheoirí a bheith in aice láimhe chun seiceáil isteach ar na campaí - ní cóir go dtógann tuismitheoirí páirt sna campaí nó a bheith ann don champa ar fad.
- Seolfar aon ábhair a mbeidh ag teastáil le haghaidh ealaín & ceardaíocht, tionscnaimh áirithe srl. i bpacáiste campa speisialta tríd An Post roimh na campaí.
- Bí cinnte go bhfuil nasc idirlín ag obair agat, agus go bhfuil tú féin agus do pháiste sásta go mbeidh do pháiste infheicthe agus inchloiste ar chruinniú ar-líne.
- Uaireanta tógfar grianghraif den ghrúpa ar mhaith le poiblíocht d'Ógras ar na meáin shóisialta agus ar shuíomh Ógras (ní chuirtear na grianghraif ar fáil d'aon 3ú páirtí) - mar sin bí cinnte nach bhfuil ach céad ainm an duine óg le feiceáil ar an seisiún agus ná cur aon eolas eile maidir le seoladh baile srl.
- **Le do thoil féach thíos do rialacha agus éiteas na gcampaí** - beidh ort iad seo a léamh agus aontú leo roimh na campaí.

- *Young people attending the online Summer Camps should be dressed appropriately, to participate in exercise/dancing etc., and should be wearing sunscreen in case some of the day's activities are outside (in the garden/street next to the home).*
- *Young people attending the camps should be in an 'open' area of the household (not the bedroom) where parents can be nearby and check in on the camps - parents should not take part in the camps or be present throughout the camps.*
- *Any materials that are needed for arts & crafts, specific projects etc. will be sent in a special camp package via An Post prior to the camps.*
- *Be sure to have a working internet connection, and that yourself and your child are alright with your child being visible and audible during an online meeting.*
- *We will have an information session with parents 15 minutes before the camps on days 1 & 2, to give an opportunity to ask any questions about the camps, and us an opportunity to answer them.*
- *Sometimes we will take a photo of the group for the purpose of publicity on our social media channels and the Ógras website (photos will not be made available to any 3rd party entities) - so please be sure that only the first name of the young person is on display during the online session, and don't display any extra information regarding address etc.*
- ***Please see below for camp ethos and rules*** *- you will need to have read and agreed to these before the camp*

# *Éiteas an Champa – The Camp's Ethos*

Níl gá go mbeadh leanaí líofa sa Ghaeilge ach ba chóir go mbeadh tuiscint bhunúsach acu agus an Ghaeilge á foghlaim ar scoil acu.
**Ba chóir an Ghaeilge a labhairt an t-am ar fad ag gach duine ag glacadh páirte sa champa**

*Children attending the summer camp do not need to be fluent in the Irish Language but should have a basic understanding, and should be studying Irish at school.*
***Irish should be spoken at all times by everyone attending the camp.***

•

Ciallaíonn rannpháirtíocht i gCampaí Samhraidh ar líne go n-aontaíonn tuismitheoirí go mbeidh a bpáiste i chruinniú ar líne ina mbeidh siad infheicthe agus inchloiste don champa iomlán.

*Participation in this year's online Summer Camps means that parents have agreed that their child will attend an online meeting where they will be visible and audible throughout.*

•

Ba chóir dos na daoine óga ag na Campaí Samhraidh Ógras ar-líne a bheith gléasta i slí oiriúnach agus in áit 'oscailte' sa teaghlach gan aon rud mí-oiriúnach infheicthe timpeall orthu, agus inar féidir le tuismitheoirí a bheith in aice láimhe chun seiceáil isteach ar na campaí más gá.

*Young people attending online Summer Camps should be appropriately dressed and attending from an 'open' area in the household with nothing inappropriate in the background, and where parents may check on them/be on hand if needs be.*

•

Tógfar pictiúir ag na Campaí le haghaidh bolscaireachta amháin. Ní bheidh ainm iomlán an duine luaite leis na pictiúir seo agus ní thabharfar ar aghaidh chuig triú páirtí iad.

*We do take photographs at the camps which are used for promotional purposes only. We will not state any members' full names with any of these photographs or pass them on to any third party.*

•

Tá cosc ar mhí-iompar, droch-chaint agus aisfhreagairt ag an gCampa

*Bad behaviour, bad language or answering back is not permitted at the camp*

•

Tá súil againn go dtaispeánfaidh na rannpháirtithe meas orthu féin, ar bhaill foirne, ar rannpháirtithe eile agus ar áiseanna an Champa le linn an Champa.

*It is expected that each member will show respect - to themselves, staff members, other participants and the camp environment for the duration of the camp.*

•

**Ba chóir do thuismitheoirí/caomhnóirí cinntiú go dtuigeanna a bpáiste/bpaistí na rialacha seo.**

***Parents/Guardians should ensure that their child/children understand these rules.***